Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Márta 2024**
**(OR. en)**

**6679/24**

**AG 36**
**INST 58**
**ELARG 19**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 20 Márta 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 146 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, AN CHOMHAIRLE EORPACH AGUS AN CHOMHAIRLE maidir le hathchóirithe réamh-mhéadaithe agus athbhreithnithe beartais |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 146 final.

---

Faoi iamh: COM(2024) 146 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 20.3.2024
COM(2024) 146 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, AN CHOMHAIRLE EORPACH AGUS AN CHOMHAIRLE**

**maidir le hathchóirithe réamh-mhéadaithe agus athbhreithnithe beartais**

GA GA

**Teachtaireacht maidir le hathchóirithe réamh-mhéadaithe agus athbhreithnithe beartais**

*'I ndomhan ina bhfuil tábhacht ag baint le méid agus neart, is léir go bhfuil sé chun leasa straitéiseacha agus slándála na hEorpa an tAontas a thabhairt chun críche... ní mór an chéad mhéadú eile a bheith ina spreagadh don dul chun cinn'.*

An tUachtarán von der Leyen, Staid an Aontais, 2023

## 1. Réamhrá

Ó bhí 1957 ann, d'éirigh leis an Aontas Eorpach agus leis na Comhphobail Eorpacha roimhe sin dul trí roinnt babhtaí méadaithe, agus tháinig Aontas an lae inniu, ina bhfuil 27 mBallstát, as na forbairtí sin. Is é atá i stair nua-aimseartha na hEorpa geilleagar sóisialta margaidh ina bhfuil daonlathais liobrálacha atá **ag éirí níos láidre agus níos rathúla le chéile**.

De bhun Airteagal 49 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), '*féadfaidh aon Stát Eorpach a urramaíonn na luachanna dá dtagraítear in Airteagal 2 agus atá tiomanta iad a chur chun cinn go comhpháirteach iarratas a dhéanamh chun bheith ina chomhalta den Aontas*'. Is cuid de theaghlach na hEorpa iad tíortha an mhéadaithe agus is dlúthchuid iad d'Eoraip aontaithe agus shaor. I gcomhthéacs geopholaitiúil atá ag éirí níos míshocra, agus cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin á throid ar ár mór-roinn, tá an tAontas Eorpach fós ina **ancaire síochána, rathúnais agus slándála**.

Is chun **leas straitéiseach an Aontais féin** é an méadú. Ní hionann sin agus a rá nach bhfuil dúshláin ag baint leis an méadú. Is fíor sin i gcás na dtíortha is iarrthóirí agus na n-iarrthóirí ionchasacha, a mbeidh orthu athchóirithe móra polaitiúla, institiúideacha agus beartais a dhéanamh chun bheith réidh le bheith ina mball, agus is fíor é freisin i gcás an Aontais, a mbeidh air déileáil, *inter alia*, le hilchineálacht mhéadaithe, leis an ngá atá le hacmhainní nua, le castacht bhreise na bpróiseas cinnteoireachta agus leis an ngá atá ann urraim gan cheist a choinneáil do chroíluachanna an Aontais agus leanúint dá gcur i bhfeidhm.

Tá neart agus tionchar geopholaitiúil níos mó ag Aontas níos mó ar an leibhéal domhanda, lena n-áirítear mar chomhpháirtí eacnamaíoch. Cuidíonn sé sin freisin le spleáchais sheachtracha a laghdú, cuireann sé leis an athléimneacht agus cuireann sé ar ár gcumas dúinn gníomhú ar bhealach níos neamhspleáiche i gcás inar gá. Tríd an méadú, neartaítear iomaíochas agus acmhainneacht fáis an Mhargaidh Aonair, rud a chruthaíonn barainneachtaí scála nua agus deiseanna nua do shaoránaigh agus do ghnólachtaí an Aontais. Cuireann sé borradh faoin tslándáil fuinnimh agus cuireann sé caighdeáin chomhshaoil, sláinte, shóisialta agus tomhaltóirí níos airde chun cinn chomh maith le gníomhú domhanda ar son na haeráide. Go bunúsach, cuireann méadú dea-bhainistithe leis an daonlathas, leis an smacht reachta, leis an gcobhsaíocht, leis an tslándáil sheachtrach agus inmheánach agus leis an urraim do chearta bunúsacha ar fud na mór-roinne.

Ní thiocfaidh na tairbhí sin chun cinn ach go dtí go mbeidh **an tAontas agus na Ballstáit a bheidh ann amach anseo ullmhaithe go maith.** Chuige sin, tá gá le tiomantas polaitiúil agus rannpháirtíocht pholaitiúil iomlán agus leanúnach, ar thaobh na n-iarrthóirí agus na n-iarrthóirí

ionchasacha, ach ar thaobh an Aontais féin freisin. **Cé go raibh gá le hathchóirithe roimhe seo, tá siad fíor-riachtanach i bhfianaise an mhéadaithe.**

I nDearbhú Versailles 2022, d'athdhearbhaigh Cinn Stáit agus Rialtais an Aontais uaillmhianta fadtéarmacha an Aontais agus tharraing siad aird ar ghníomhaíocht chun iad a bhaint amach. Ag tógáil ar an méid sin, i nDearbhú Granada i mí Dheireadh Fómhair 2023, chuir na ceannairí in iúl, ag breathnú chun cinn dóibh ar an bhféidearthacht go mbeidh Aontas níos mó ann, nach mór don Aontas Eorpach agus do na Ballstáit a bheidh ann amach anseo a bheith réidh, agus gur gá don Aontas an réamhobair inmheánach a leagan síos agus na hathchóirithe is gá a chur chun feidhm le haghaidh Aontas níos láidre.

D'athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach an pointe sin arís i mí na Nollag 2023, agus chuir sí in iúl go soiléir nach mór do na Ballstáit a bheidh ann amach anseo agus don Aontas araon a bheith réidh tráth an aontachais, agus ba cheart **dul chun cinn a dhéanamh ar an dá chonair oibre ag an am céanna**. Ní mór do thíortha an mhéadaithe a bheith réidh le haghaidh aontachais agus ní mór measúnú a dhéanamh orthu ar a bhfiúntas féin. Mar sin féin, ní mór don Aontas a ghealltanais a choinneáil agus a bheith réidh chun fáilte a chur roimh na Ballstáit nua. Ní mór don Aontas Eorpach éirí níos doimhne de réir mar a leathnaíonn sé. Ní mór dúinn tús a chur le hullmhú inniu d'Aontas an lae amárach agus leas a bhaint as méadú an lae inniu mar spreagadh don dul chun cinn.

Tá próiseas aontachais an Aontais fós bunaithe ar choinníollacht chothrom dhian, ar **phrionsabal an fhiúntais féin** agus ar dhul chun cinn nithiúil i gcleachtas, i gcomhréir leis an gcur chuige 'bunphrionsabail ar dtús'. **Déanfar measúnú ar gach tír is iarrthóir agus gach iarrthóir ionchasach ar a dul chun cinn féin maidir le Critéir Chóbanhávan** a chomhlíonadh go háirithe, arb iad na coinníollacha riachtanacha nach mór do gach tír an mhéadaithe a chomhlíonadh le bheith ina Bhallstát. Dá bhrí sin, ní féidir réamhbhreith a dhéanamh ar amlíne ná ar sheicheamh aon aontachais a dhéanfar amach anseo.

Tá a measúnuithe inmheánacha á ndéanamh faoi láthair ag Parlaimint na hEorpa agus ag Comhairle an Aontais Eorpaigh maidir le conas is féidir aghaidh a thabhairt ar an bhféidearthacht go mbeidh Aontas níos mó ann, ag féachaint ar fhorálacha reatha na gConarthaí agus níos faide ná sin.

Is é atá sa Teachtaireacht seo rannchuidiú an Choimisiúin leis an bplé a nglacfaidh Ceannairí treochlár dá bharr faoi shamhradh 2024, treochlár le haghaidh obair amach anseo ar mhéadú agus ar athchóirithe. Féachtar inti ar na himpleachtaí a bhaineann le hAontas níos mó i gceithre phríomhréimse: luachanna, beartais, buiséad agus rialachas. Leis sin, leagtar síos an bealach do na **hathbhreithnithe beartais réamh-mhéadaithe** a d'fhógair an tUachtarán von der Leyen ina haitheasc ar Staid an Aontais in 2023. Breithnítear inti tionchar an mhéadaithe ar bheartais an Aontais atá ag teacht chun cinn cheana féin agus an gá atá leis na huirlisí a thabhairt do thíortha is iarrthóirí agus d'iarrthóirí ionchasacha chun iad féin a chur in oiriúint don Aontas agus uirlisí atá ar aon dul lena uaillmhian a chur ar fáil don Aontas.

## 2. Ag ullmhú d'Aontas níos mó

Fiche bliain ó shin, tháinig 10 dtír isteach san Aontas Eorpach. Mhéadaigh líon iomlán na mBallstát ó 15 thír go 25 thír, agus ina dhiaidh sin go dtí na 27 mBallstát atá ann faoi láthair. **Bhain an Eoraip ar fad tairbhe as sin**. Chuidigh an méadú leis na daonlathais nua i Lár agus na hEorpa in Oirthear na hEorpa a dhaingniú, agus bhí an tAontas ar an margadh comhtháite is mó ar domhan dá bharr. D'oscail sé sreafaí trádála agus airgeadais, rud a chuir le fás eacnamaíoch san Aontas agus i dtíortha aontacha araon, agus neartaigh sé tábhacht an Aontais i ngnóthaí domhanda. Tháinig méadú faoi dhó ar an infheistíocht dhíreach choigríche isteach mar chéatadán den OTI idir 2004 agus 2012, agus bhí gnóthachain leasa comhiomlána ann ar fud an Aontais mar thoradh air sin. Baineann na deiseanna bunúsacha sin le méaduithe amach anseo freisin.

Tá buntáistí soiléire ag baint le **scála méadaithe**: Margadh Aonair agus margadh saothair níos mó, tuilleadh laghduithe ar astaíochtaí, cóineasú sóisialta níos láidre, cosaint sláinte níos fearr agus guth níos cumhachtaí ar fud an domhain. Mar sin féin, is cinnte go mbeidh tionchar ag Aontas níos mó ar bheartais, ar bhuiséad agus ar rialachas an Aontais, agus d'fhéadfadh iarmhairtí neamhbheartaithe a bheith mar thoradh ar an méadú. Ós rud é nach mór do bheartais an Aontais leanúint de bheith ag feidhmiú go héifeachtach, ní mór bearta a **dhéanamh chun na deiseanna a bheidh ag Aontas níos mó a thabhairt chun réitigh leis na dúshláin** a chruthaíonn sé.

D'éirigh leis an Aontas **na méaduithe a rinneadh roimhe seo a bhainistiú**. Baineadh an méid sin amach trí **bheartais an Aontais a choigeartú** roimh an aontachas; trí **dhianphróiseas aontachais** lena gcinntítear go mbeidh tíortha an mhéadaithe réidh go hiomlán roimh an aontachas; agus trí **chúnamh** spriocdhírithe.

Chuidigh an cur chuige sin leis na bearnaí idir na Ballstáit seanbhunaithe agus na Ballstáit nua a dhúnadh. Níor chuir Aontachas foirmiúil an Aontais isteach go mór ar na Ballstáit nua ná ar na Ballstáit a bhí ann cheana, ach ba chéim eile a bhí ann i gcomhtháthú rianúil na mBallstát nua i mbeartais agus i mbuiséad an Aontais. Comhlánaíodh é sin, nuair ba ghá, le **hidirthréimhsí** tar éis an aontachais, amhail cistí agus rochtain ar mhargadh saothair an Aontais a thabhairt isteach de réir a chéile.

A bhuí leis na **ceachtanna a foghlaimíodh** ó mhéaduithe roimhe seo, **tá an tAontas níos ullmhaithe fós anois**. Rinne sé a bheartas um méadú a bheachtú, trí na bunphrionsabail, amhail an daonlathas, an smacht reachta agus cosaint na gceart bunúsach, a chur i gcroílár an phróisis aontachais. Chomh maith leis sin, mar a léirítear i modheolaíocht athbhreithnithe 2020 um méadú, cuireann sé bealaí breise ar fáil do thíortha is iarrthóirí agus d'iarrthóirí ionchasacha chun tíortha is iarrthóirí a **'lánpháirtiú de réir a chéile'** i mbeartais roghnaithe an Aontais, roimh a n-aontachas, trí thairbhí agus oibleagáidí áirithe a bhaineann le ballraíocht Aontais a thús-ualú. I gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 23-24 Meitheamh 2022, ba cheart é sin a bheith bunaithe ar fhiúntas agus a bheith inchúlaithe. Bainfear leas iomlán as na féidearthachtaí a chuirtear ar fáil leis an **lánpháirtiú de réir a chéile**, agus is é ballraíocht an Aontais an cuspóir deiridh i gcónaí.

Le blianta beaga anuas, d'éirigh leis an Aontas déileáil le paindéim COVID-19, d'aontaigh sé Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh agus chuir sé chun feidhme í, léirigh sé aontacht agus dlúthpháirtíocht nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe in aghaidh chogadh foghach na

Rúise i gcoinne na hÚcráine, agus thug sé aghaidh go héifeachtach ar an ngéarchéim fuinnimh. Ina theannta sin, réitíodh saincheisteanna a bhí ina n-ábhar easaontais san Aontas le blianta anuas idir an Comhaontú maidir le hImirce agus Tearmann agus an tAthbhreithniú ar Rialachas Eacnamaíoch. Ní mór dúinn leanúint ar aghaidh ar an gconair athchóirithe sin. Agus sinn **ag cur tuilleadh feabhais ar ár mbeartais agus 27 mBallstát ann, táimid níos ullmhaithe d'Aontas níos mó freisin**.

Chun go n-éireoidh leis an méadú, beidh ar an Aontas agus ar a bhaill ionchasacha cumarsáid éifeachtach a dhéanamh lena sochaithe faoi seach maidir leis an bpróiseas aontachais agus páirt a ghlacadh i ndíospóireacht chuiditheach lena saoránaigh maidir lena thábhacht straitéiseach agus lena thairbhí straitéiseacha do chách.

Is deis é an méadú freisin chun rialacha an Aontais a shimpliú agus chun prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm ar bhealach níos fearr, lena n-áirítear trí na nithe a bhféadfaí aghaidh a thabhairt orthu ar bhealach níos fearr ar an leibhéal náisiúnta a shainaithint.

## *A) LUACHANNA*

Leagtar amach in Airteagal 2 de CAE na luachanna ar a bhfuil an tAontas bunaithe, go háirithe an daonlathas, urraim do chearta an duine, lena n-áirítear cearta mionlach, agus an smacht reachta. In amanna ina bhfuil dúshláin roimh na luachanna sin, lasmuigh den Aontas agus laistigh den Aontas araon, tá sé ríthábhachtach go ndéanfaidh an tAontas na luachanna sin agus a phrionsabail dhaonlathacha a chosaint agus a chaomhnú. Tá comhlíonadh na luachanna agus na bprionsabal sin ina choinníoll chun na cearta uile a eascraíonn as ballraíocht an Aontais a theachtadh. Ní mór é a bheith ina thosaíocht ag an Aontas go fóill leanúint de bheith ag cinntiú go mbíonn claochlú domhain á dhéanamh i dtíortha an mhéadaithe, claochlú as a dtiocfaidh urraim mharthanach don daonlathas, do chomhionannas agus don neamh-idirdhealú, do chearta bunúsacha, lena n-áirítear cearta leanaí agus an smacht reachta, roimh do na tíortha sin teacht isteach san Aontas *agus* ina dhiaidh sin. Ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú nach ndéanfar aon chúlchéimniú ar a ndlíthe lena gcuirtear na luachanna sin chun feidhme.

Tá an **smacht reachta** ar cheann de na **croíluachanna** sin. Cinntíonn sé go gcosnaítear an daonlathas, an comhionannas agus cearta bunúsacha ar fud an Aontais. Cruthaíonn sé na coinníollacha le haghaidh neamhspleáchas breithiúnach, córais cheartais chothroma dhea-fheidhmiúla, chomhrac an éillithe, coireacht eagraithe agus gabháil stáit, cearta bunúsacha, saoirse cainte, lena n-áirítear saoirse agus iolrachas na meán, agus caomhnú srianta agus ceartúchán lena n-áirítear institiúidí daonlathacha dea-fheidhmiúla agus riarachán poiblí, sochaí shibhialta shaor agus chumhachtaithe, agus rannpháirtíocht éifeachtach na saoránach – ar rudaí ar fad iad atá i gcroílár daonlathais láidre. Tá sé ríthábhachtach an t-éilliú a chosc agus a chomhrac chun luachanna an Aontais a chosaint agus chun seasamh leis an smacht reachta agus le muinín astu sin a rialaíonn agus as institiúidí poiblí. Is réamhriachtanais iad freisin do gheilleagar láidir, do chur chun feidhme cuí bheartais an Aontais agus d'úsáid fhónta bhuiséad an Aontais.

Is cuid ríthábhachtach de Chritéir Chóbanhávan iad institiúidí daonlathacha atá ag feidhmiú, cearta bunúsacha agus an smacht reachta a chosaint agus, dá bhrí sin, is **réamhchoinníoll bunúsach iad chun dul isteach san Aontas** ar an gcéad dul síos. Is é an dul chun cinn leanúnach maidir leis na hathchóirithe bunúsacha sin a chinneann luas foriomlán na caibidlíochta aontachais. Le linn na caibidlíochta, ní mór do thíortha an mhéadaithe dul chun cinn nithiúil agus leanúnach a léiriú maidir leis an smacht reachta, mar choinníoll chun dul chun cinn a dhéanamh sa chaibidlíocht aontachais ar an iomlán. Tar éis an aontachais, ní mór an dul chun cinn sin a bheith seasta. Mar sin féin, b'éigean don Aontas aghaidh a thabhairt ar dhúshláin mhóra a bhaineann leis an smacht reachta, lena n-áirítear sna Ballstáit.

Le blianta beaga anuas, tá **uirlisí tiomnaithe curtha i bhfeidhm ag an Aontas chun a áirithiú go n-urramófar an smacht reachta ar fud an Aontais**, lena n-áirítear na tuarascálacha bliantúla ar an smacht reachta a bhfuil moltaí mar thaca leo, agus an Rialachán maidir le Coinníollacht a ceapadh chun buiséad an Aontais a chosaint ar sháruithe ar phrionsabal an smachta reachta sna Ballstáit.

Mar a d'fhógair an tUachtarán von der Leyen ina haitheasc ar Staid an Aontais 2023, tá **timthriall bliantúil na Tuarascála maidir leis an Smacht Reachta** leathnaithe anois chun na tíortha is iarrthóirí is mó atá chun cinn ina gcaibidlíocht aontachais a chlúdach, chun dlús a chur lena n-athchóirithe ar an smacht reachta a thuilleadh. Ciallaíonn sé sin go ndéantar measúnú ar thíortha áirithe um méadú ar an mbealach céanna leis na Ballstáit reatha. Tacóidh sé sin lena n-iarrachtaí athchóirithe chun dul chun cinn dochúlaithe a bhaint amach maidir leis an daonlathas agus an smacht reachta, roimh an aontachas, agus chun ardchaighdeáin bhuana a ráthú tar éis an aontachais.

Ag breathnú chun cinn, beidh ar an Aontas machnamh a dhéanamh ar conas is féidir a chuid uirlisí a neartú a thuilleadh chun a chinntiú go gcloífear leis an smacht reachta go fírinneach agus go comhsheasmhach ar fud an Aontais, i ndiaidh an aontachais.

### *B) BEARTAIS*

Tá an **Margadh Aonair Eorpach** – an margadh comhtháite is mó ar domhan – ar cheann de na héachtaí is mó atá bainte amach ag an Aontas Eorpach. Trína ceithre shaoirse – saorghluaiseacht earraí, daoine, seirbhísí agus caipitil – agus trí chomhbheartais, spreag sé fás eacnamaíoch, chruthaigh sé deiseanna agus shimpligh sé ghnáthshaol tomhaltóirí agus gnólachtaí na hEorpa, le breis agus 30 bliain.

Chun ligean dá shaoránaigh tairbhe iomlán a bhaint as an Margadh Aonair, cruthaíodh leis na Conarthaí an limistéar saoirse, slándála agus ceartais gan teorainneacha inmheánacha lena n-éascaítear saorghluaiseacht daoine, agus foráil á déanamh san am céanna do bhearta iomchuí maidir le rialuithe ar theorainneacha seachtracha, bainistiú imirce agus tearmainn agus coireacht thromchúiseach agus eagraithe a chosc agus a chomhrac. Chuir na méaduithe deireanacha in 2004, 2007 agus 2013 na buntáistí a bhain leis an Margadh Aonair ar fáil do níos mó ná 100 milliún saoránach, amhail praghsanna níos ísle, tuilleadh roghanna, poist ar ardchaighdeán agus ardleibhéal sláinte, sábháilteachta agus cosanta tomhaltóirí, agus

d'éascaigh siad rochtain ar mhargaí nua ag gnólachtaí an Aontais. Sna deich mbliana idir an méadú in 2004 agus 2014, mhéadaigh OTI an Aontais le chéile go EUR 13 thrilliún.

Cé gur fíor go bhfuil dúshláin agus iarmhairtí neamhbheartaithe ann agus gur cheart dlúthfhaireachán a dhéanamh agus aghaidh a thabhairt go críochnúil ar aon tsaincheist, méadaítear tairbhí **an Mhargaidh Aonair** (agus an Aontais Custaim) go mór le hAontas níos mó. Tá sé de cheangal ar an gcéad mhéadú eile tuilleadh deiseanna agus rathúnais a thabhairt don Aontas ina iomláine, rud a neartóidh iomaíochas gheilleagar an Aontais in iomaíocht ghéar dhomhanda an lae inniu. Tarlóidh sé sin go háirithe trí dheiseanna trádála méadaithe agus táirgiúlacht níos airde; slándáil fuinnimh níos fearr; spleáchais chriticiúla laghdaithe ar thríú tíortha, mar shampla maidir le hamhábhair chriticiúla; athléimneacht fheabhsaithe agus soláthairtí níos sláine; rogha níos fearr earraí agus seirbhísí ar phraghsanna iomaíocha do thomhaltóirí; tairbhí breise agus costais níos ísle a bhaineann le seirbhísí airgeadais agus baincéireachta do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí, a bhuí le barainneachtaí scála.

Le rochtain luath agus de réir a chéile ar an Margadh Aonair, beidh oibreoirí eacnamaíocha thíortha an mhéadaithe in ann comhtháthú a thuilleadh i slabhraí luacha Eorpacha. Chuige sin, d'fhéadfaí comhpháirtíochtaí straitéiseacha a bhunú in éiceachórais thionsclaíocha leasa choitinn (e.g. amhábhair, ceallraí, turasóireacht, geilleagar ciorclach, innealra).

Is cuid lárnach d'aon aontachas leis an Aontas é *acquis* an Mhargaidh Aonair a ghlacadh. Is éard atá i gceist leis sin cloí go hiomlán le sraith chuimsitheach aonair de chearta agus d'oibleagáidí, agus **ní féidir próiseas *à la carte* a bheith i gceist i dtéarmaí réimsí beartais nó rialachais**. Ardaíonn sé sin an tsaincheist maidir le **conas rochtain ar an Margadh Aonair a rolladh amach a thuilleadh de réir a chéile** roimh an aontachas, ó thaobh sprioclimistéir agus coinníollacha dó a chinneadh.

Go háirithe, ní mór a chinneadh an gcruthófaí cearta agus oibleagáidí atá in-fhorfheidhmithe go díreach i ndlíchóras an Aontais agus i ndlíchóras thíortha an mhéadaithe **dá dtabharfaí rochtain de réir a chéile ar chóir fheabhsaithe sa mhargadh inmheánach**. Ní mór sainiúlachtaí earnálacha éagsúla a chur san áireamh agus cóir an mhargaidh inmheánaigh roimh an aontachas á meas. Ní mór a chinneadh freisin cé na coimircí is gá, i dtéarmaí léirmhíniú, cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú aonfhoirmeach acquis an Aontais, agus deiseanna don Aontas freagairt i gcás nach gcomhlíonann tír an mhéadaithe a cuid oibleagáidí.

Ní thosaíonn an machnamh sin **le leathanach bán**. Leis na huirlisí agus leis an gcreat lena rialaítear cheana féin an caidreamh idir an tAontas agus tíortha an mhéadaithe (amhail Comhaontuithe Cobhsaíochta agus Comhlachais leis na Balcáin Thiar agus na Comhaontuithe Comhlachais/Limistéir Dhoimhne Chuimsitheacha Shaorthrádála (DCFTAnna) leis an Úcráin, leis an Moldóiv agus leis an tSeoirsia), cuirtear deiseanna móra ar fáil cheana féin chun aistriú rianúil i dtreo ballraíochta a chinntiú, lena n-áirítear lánpháirtiú de réir a chéile i réimsí sonracha den Mhargadh Aonair. Comhlánaítear na creataí sin le tionscnaimh bhreise (féach an bosca anseo feasta).

***Samplaí de thionscnaimh um lánpháirtiú de réir a chéile:***

*Is é is aidhm don* ***Phlean Gníomhaíochta Tosaíochta (PAP) faoi LDCST leis an Úcráin*** *rochtain a thabhairt don tír ar limistéir den Mhargadh Aonair roimh an aontachas trína áireamh i bhfánaíocht ar Tháillí Baile an Aontais, tríd an rochtain ar an Limistéar Aonair d'Íocaíochtaí Euro (SEPA) a ullmhú i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus na ceanglais ábhartha, agus trí shaorchúrsaíocht a cheadú le haghaidh earraí tionsclaíocha áirithe (ACAA). Tá Plean den chineál céanna ann* ***don Mholdóiv*** *freisin agus tá sé á chur i bhfeidhm anois leis* ***an tSeoirsia****.*

*Leis an b****Plean Fáis do na Balcáin Thiar****, spreagtar an réigiún chun ullmhú do bhallraíocht san Aontas agus chun dlús a chur leis na hathchóirithe socheacnamaíocha agus bunúsacha is gá, go háirithe trí roinnt de na tairbhí a bhaineann le rochtain ar an Margadh Aonair a thabhairt chun cinn. Cuirfear chun feidhme na gníomhaíochtaí tosaíochta sin, lena n-áirítear Fánaíocht ar Tháillí Baile an Aontais a leathnú chuig an réigiún, an rochtain ar SEPA a ullmhú i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus na ceanglais ábhartha, chomh maith le saorchúrsaíocht a cheadú i gcás earraí tionsclaíocha áirithe agus earnálacha seirbhíse áirithe a oscailt, agus leas iomlán á bhaint as forálacha na gComhaontuithe Cobhsaíochta agus Comhlachais.*

*Tugtar faoin tionscnamh seo i gcomhthráth leis an g****Cómhargadh Réigiúnach laistigh de na Balcáin Thiar****, margadh a bhfuil sé d'aidhm aige, bunaithe ar rialacha agus ar chaighdeáin an Aontais, comhtháthú eacnamaíoch an réigiúin a áirithiú. Le héifeacht charnach an chomhtháthaithe réigiúnaigh, le comhtháthú de réir a chéile i margadh aonair an Aontais agus le hathchóirithe struchtúracha, cuirfear dlús leis an gcóineasú socheacnamaíoch roimh a n-aontachas.*

*Tugann an tSaoráid Athchóirithe agus Fáis do na Balcáin Thiar, an tSaoráid don Úcráin agus Pacáiste Tacaíochta an Aontais don Mholdóiv* ***tacaíocht airgeadais*** *freisin do na próisis lánpháirtithe sin de réir a chéile. Ba cheart dóibh na hinfheistíochtaí is gá a áirithiú chun feabhas a chur ar chóineasú eacnamaíoch agus sóisialta laistigh d'Aontas ina mbeidh 30+ tír.*

Chun lánpháirtiú luath i réimsí áirithe den Mhargadh Aonair a áirithiú do thíortha is iarrthóirí agus d'iarrthóirí ionchasacha, ní hamháin go mbeidh gá le hailíniú dinimiciúil le acquis an Aontais ach beidh gá freisin, i dtéarmaí rialachais, le cur chun feidhme agus forfheidhmiú aonfhoirmeach agus éifeachtach rialacha ábhartha uile an Aontais. Tá sé sin ríthábhachtach chun aon bhaol ilroinnte sa Mhargadh Aonair a chosc agus chun muinín a chothú as urramú na rialacha.

Tá cáilíocht, cumas agus feidhmíocht an riaracháin phoiblí ríthábhachtach chun beartais an Aontais a chur i gcrích agus chun reachtaíocht an Aontais a chur chun feidhme. Déanfar ionsú acquis an Aontais a éascú trí **idirghníomhaíocht mhéadaithe idir údaráis** na dtíortha is iarrthóirí, na mBallstát agus institiúidí an Aontais. Glacann tíortha an mhéadaithe páirt cheana féin – mar bhreathnóirí go minic – in obair ullmhúcháin ar reachtaíocht agus ar bheartais an Aontais, nó in obair gníomhaireachtaí díláraithe áirithe de chuid an Aontais, rud a fhréamhaíonn caighdeáin an Aontais ina gcórais go luath. Ba cheart ionstraimí amhail an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, TAIEX agus Nascadh a leathnú a thuilleadh chun

tacaíocht theicniúil agus bheartais a chur ar fáil d'údaráis phoiblí na mBallstát a bheidh ann amach anseo. Tá cuid mhór de thíortha an mhéadaithe bainteach cheana féin le **cláir an Aontais** atá ábhartha don mhargadh inmheánach, rud a thugann deiseanna comhchosúla dóibh agus atá ag gníomhaithe an Aontais.

Leanfaidh an Coimisiún freisin de thacaíocht a thabhairt do **chláir duine le duine, amhail Erasmus+,** go háirithe maidir leis an óige, chun **meon coiteann Eorpach** a chothú, chun sineirgí a chruthú, mar shampla leis an Oifig Réigiúnach um Chomhar na hÓige arna bunú ag na Balcáin Thiar, nó le líonra na nAmbasadóirí Óga Eorpacha sna tíortha is iarrthóirí ionchasacha.

Rud atá tábhachtach, bainfidh lánpháirtiú thíortha an mhéadaithe i Margadh Aonair méadaithe tairbhe as athchóirithe i bpríomhréimsí beartais arna sainaithint sna hathbhreithnithe beartais réamh-mhéadaithe atá le teacht agus a liostaítear thíos. Bainfidh siad sin tairbhe freisin as an machnamh leanúnach earnála agus go háirithe as an léargas ar dhá thuarascáil ardleibhéil atá le teacht: an **Tuarascáil Ardleibhéil maidir le todhchaí an Mhargaidh Aonair**, arna coimisiúnú ag Uachtaránacht na Comhairle agus ag an gCoimisiún ó Enrico Letta, agus an **Tuarascáil maidir le todhchaí an iomaíochais Eorpaigh** ó Mario Draghi, comhairleoir speisialta an Uachtaráin von der Leyen.

### ***i) Nascacht a fheabhsú***

*Buntáistí agus dúshláin*

Cuirfidh Aontas níos mó borradh faoin **nascacht fhisiciúil**, le bealaí nua iompair agus trádála, lena n-áirítear Conairí Iompair Eorpacha leathnaithe, rud a fhágfaidh go mbeidh costais lóistíochta níos ísle agus sreabha trádála níos rianúla ann, rud a thabharfaidh sochair inbhraite do thomhaltóirí, do shaoránaigh agus do ghnólachtaí ar deireadh.

Le Limistéar Iompair Eorpach leathnaithe, sholáthrófaí **an bunús do thionscnaimh bheartais agus d'infheistíocht nua** chun ceannaireacht dhomhanda an Aontais a chothú ar fud an tslabhra luacha in earnálacha iompair éagsúla (e.g. monarú eitleán, gluaisteán, trucailí agus rothstoic, táirgeadh breoslaí inbhuanaithe, seirbhísí lóistíochta agus iompair lena n-áirítear gné na soghluaisteachta míleata).

An tAontas Fuinnimh a mhéadú, d'fhéadfadh sé sin forbairt an bhonneagair fuinnimh a éascú a thuilleadh agus slándáil fuinnimh, inacmhainneacht agus dícharbónú an Aontais a neartú. Tá acmhainneacht mhór ag roinnt tíortha is iarrthóirí maidir le fuinneamh ísealcharbóin. D'fhéadfadh an leathnú sin rannchuidiú freisin le ceannaireacht dhomhanda an Aontais a choinneáil ar bun maidir le fuinneamh in-athnuaite a úsáid.

Maidir leis an **Margadh Aonair Digiteach**, tacóidh Clár Beartais na Deacáide Digití leis na Ballstáit amach anseo réimsí gníomhaíochta a shainaithint chun na spriocanna coiteanna maidir le scileanna digiteacha, bonneagair, gnólachtaí agus seirbhísí poiblí a bhaint amach. Chuirfeadh sé sin bonneagair dhigiteacha agus teicneolaíochtaí digiteacha ar fáil do shochaithe inbhuanaithe, cuimsitheacha agus rathúla. Bainfidh Ballstáit nua tairbhe freisin as cur i bhfeidhm reachtaíocht cheannródaíoch an Aontais i réimse na cosanta sonraí pearsanta, na

hintleachta saorga (e.g. an Gníomh um an Intleacht Shaorga), ardáin ar líne (e.g. an Ionstraim um Margaí Digiteacha, an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha agus oibrithe ardáin), sonraí (e.g. an Gníomh um Shonraí agus an Gníomh um Rialachas Sonraí) agus idir-inoibritheacht.

Ar an gcaoi chéanna, dhéanfaí nascacht dhigiteach na hEorpa a fheabhsú trí chomhar fánaíochta a dhoimhniú le tíortha an mhéadaithe, agus san am céanna dhéanfaí trádáil agus gluaiseacht daoine a éascú trí chreataí iontaoibhe leictreonacha a ailíniú.

Ba cheart go n-eascródh tairbhí breise as cur i bhfeidhm leathnaithe chreat reachtach cibearshlándála an Aontais agus as cur i bhfeidhm luath bhosca uirlisí an Aontais don chibearshlándáil 5G ag tíortha an mhéadaithe. I gcomhthéacs cibearspás atá comhtháite go dlúth cheana féin, ba cheart go méadódh sé sin an acmhainneacht chomhchoiteann chun freagairt do bhagairtí agus do theagmhais.

Beidh cuid mhór den dul chun cinn sin ag brath freisin **ar infheistíocht phríobháideach agus phoiblí leordhóthanach a bheith ar fáil**, go háirithe chun a áirithiú go gcuirfear bonneagar cumarsáide digití atá slán, athléimneach agus ardtoillte in úsáid, agus chun Moil Nuálaíochta Digití Eorpacha a bhunú chun tacú le heagraíochtaí gnó agus eagraíochtaí san earnáil phoiblí chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhigiteacha agus chun a bheith níos iomaíche. Ar na dúshláin eile a d'fhéadfadh a bheith ann tá cóineasú rialála (amhail i réimsí na cumarsáide leictreonaí, na fánaíochta, an speictrim raidió, na seirbhísí iontaoibhe leictreonacha), cibearshlándáil na slabhraí soláthair, i bhfianaise nochtadh na dtíortha is iarrthóirí agus n-iarrthóirí ionchasacha do chibearghníomhaithe mailíseacha sofaisticiúla agus teicneolaíocht díoltóirí ardriosca a bheith ann, ar príomhchomaoin í go háirithe do na líonraí 5G. Tá na dúshláin sin maidir le leibhéal na n-infheistíochtaí agus cóineasú rialála chomh mór céanna in earnálacha an fhuinnimh agus an iompair.

*Breithnithe le haghaidh athbhreithnithe beartais atá ar na bacáin*

Déanfar scrúdú sna hathbhreithnithe beartais ar an gcaoi a bhféadfadh tionscnaimh bheartais chun athléimneacht a fheabhsú tríd an nuálaíocht cheannródaíoch thionsclaíoch scála agus tacaíocht níos mó a bhaint as Tionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (e.g. mar a rinneadh i réimsí amhail leathsheoltóirí agus hidrigin). Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfaí comhpháirtíochtaí straitéiseacha breise a bhunú in éiceachórais thionsclaíocha leasa choitinn (e.g. amhábhair, ceallraí, turasóireacht, geilleagar ciorclach, innealra, spás). Ba cheart tacaíocht d'infheistíochtaí a dhíriú ar fhorbairt luathaithe a dhéanamh ar leathnú na n-idirnasc fuinnimh agus iompair faoi TEN-E agus TEN-T i dtíortha is iarrthóirí agus in iarrthóirí ionchasacha. D'fhéadfadh sé freisin scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir le tíortha an mhéadaithe cur leis an gcumas riaracháin is gá chun páirt éifeachtach a ghlacadh i dtionscadail straitéiseacha trasteorann agus ilnáisiúnta amach anseo.

Le hionstraimí nua comhpháirteacha ceannaigh a thógfadh inspioráid ó Ardán Fuinnimh an Aontais, d'fhéadfaí tíortha comhlachaithe a dhéanamh de thíortha an mhéadaithe chun tráchtearraí straitéiseacha a dhaingniú, amhail hidrigin agus amhábhair atá ríthábhachtach d'aistriú fuinnimh an Aontais, don aistriú digiteach agus d'iomaíochas gheilleagar an Aontais.

I Margadh Aonair níos mó, d'fhéadfadh sé difear a dhéanamh do ghlacadh freagrach táirgí agus teicneolaíochtaí digiteacha nua ar mhargaí airgeadais. Bheadh rannpháirtíocht luath na

dtíortha is iarrthóirí i ngníomhaíochtaí lena méadófaí acmhainneachtaí cibearshlándála an Aontais (lena n-áirítear trí Chúlchiste Cibearshlándála an Aontais agus trí chomhpháirtíocht níos dlúithe le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil) chun tairbhe don dá thaobh freisin. Úsáid níos leithne a bhaint as réitigh dhigiteacha ríthábhachtach, tá sé sin ríthábhachtach chun rómhaorlathas a laghdú nó a sheachaint sna Ballstáit atá ann cheana agus sna Ballstáit a bheidh ann amach anseo araon.

*Lánpháirtiú de réir a chéile*

Beidh comhtháthú breise na dtíortha is iarrthóirí agus na n-iarrthóirí ionchasacha sna codanna sin den Mhargadh Aonair mar bhonn taca le cóineasú rialála agus naisc bhonneagair leis an Aontas a neartú. Tá Creat Infheistíochta na mBalcán Thiar ag cur dlús leis an tacaíocht chun an t-iompar, an fuinneamh, an comhshaol (bainistiú dramhaíola agus uisce) is gá a chur i bhfeidhm, bonneagar digiteach agus sóisialta mar a leagtar amach ina bPlean Eacnamaíoch agus Infheistíochta (PEI). Tá obair den chineál céanna ar bun leis an Moldóiv agus leis an tSeoirsia trí na PEInna faoi seach do Chomhpháirtíocht an Oirthir. Mar chuid den tSaoráid don Úcráin, leagfar amach sa Phlean don Úcráin tosaíochtaí athchóiriúcháin agus infheistíochta, agus spreagfaidh an Creat Infheistíochta infheistíochtaí príobháideacha agus poiblí de réir na dtosaíochtaí sin sa tír.

Trí **Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh**, leantar den obair ar ailíniú le *acquis* fuinnimh, comhshaoil agus aeráide an Aontais agus ar leathnú na nGréasán Tras-Eorpach Fuinnimh (TEN-E) chun feabhas a chur ar idirnaisc fuinnimh idir an tAontas, na Balcáin Thiar, an Úcráin, an Mholdóiv agus an tSeoirsia. Le sioncrónú eangacha leictreachais na hÚcráine agus na Moldóive chuig an ngréasán Eorpach ilchríochach, neartaítear an tslándáil fuinnimh agus cruthaítear deiseanna le haghaidh trádáil leictreachais.

Ar an gcaoi chéanna, leathnaítear na **Gréasáin Thras-Eorpacha Iompair** (TEN-T) chun nascacht iompair leis an Aontas a fheabhsú agus chun tacú leis na tíortha sin *acquis* iompair an Aontais a chur chun feidhme, lena n-áirítear faoin gConradh um an gComhphobal Iompair, áit a ndéanfaidh an Coimisiún breithniú ar roghanna chun rannpháirtíocht na hÚcráine, na Moldóive agus na Seoirsia a dhoimhniú a thuilleadh. Déantar ailíniú forásach le *acquis* eitlíochta an Aontais a shaothrú trí chomhaontuithe eitlíochta atá ann cheana.

Le treisiú na **Lánaí Dlúthpháirtíochta** agus le hinfheistíochtaí iontu mar naisc bhuana, cuirtear go mór freisin leis an méid sin, in éineacht le cuid mhór tionscnamh eile san earnáil iompair, amhail rannpháirtíocht thíortha an mhéadaithe i ngníomhaireachtaí agus i gcláir an Aontais i réimse an iompair. Is féidir le **comhar custaim feabhsaithe** lánpháirtiú san Aontas Custaim a éascú de réir a chéile. Le nascacht níos fearr, éascófar an tsoghluaisteacht mhíleata freisin. Trí thionscnaimh éagsúla den Tairseach Dhomhanda, lena n-áirítear na Pleananna Eacnamaíocha agus Infheistíochta, an Clár Oibre Digiteach do na Balcáin Thiar agus an Creat Infheistíochta don Úcráin faoin tSaoráid don Úcráin, tá an tAontas ag slógadh infheistíocht shuntasach phoiblí agus phríobháideach cheana féin chun tacú le claochlú digiteach na dtíortha is iarrthóirí agus na dtíortha is iarrthóirí ionchasacha (agus i gcás na hÚcráine, a hatógáil agus a nuachóiriú).

Ina theannta sin, chuir an tAontas tús leis an bpróiseas chun an Úcráin agus an Mholdóiv a thabhairt isteach i limistéar an Aontais maidir le Fánaíocht ar Tháillí Baile, agus san am céanna socruithe deonacha fánaíochta a éascú idir oibreoirí teileachumarsáide san Aontas agus sna Balcáin Thiar, san Úcráin agus sa Mholdóiv chomh maith le Comhaontú Fánaíochta Réigiúnach a ullmhú, rud a chuirfidh le laghdú suas le 87 % ar phraghsanna fánaíochta i réigiún Chomhpháirtíocht an Oirthir sna blianta amach romhainn.

I measc na dtionscnamh tábhachtach eile tá an chomhpháirtíocht straitéiseach idir an tAontas agus an Úcráin maidir le hamhábhair chriticiúla, rud a d'fhéadfadh a bheith ina eiseamláir do chomhpháirtíochtaí comhchosúla le tíortha eile is iarrthóirí.

***ii) Ár ngealltanais aeráide agus comhshaoil a choinneáil***

*Buntáistí agus dúshláin*

De réir mar a chloíonn níos mó tíortha le gealltanais agus *acquis* uaillmhianach an Aontais maidir leis an aeráid agus leis an gcomhshaol, rannchuideoidh Aontas níos mó **go dearfach le haghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide agus ar chailliúint na bithéagsúlachta**, go háirithe trí iarrachtaí dícharbónaithe an Aontais a leathnú. Tá acmhainneacht láidir ag tíortha an mhéadaithe ó thaobh fuinnimh in-athnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh de agus tá acmhainní nádúrtha tábhachtacha agus bithéagsúlacht iontu.

Beidh **dúshláin** ag baint freisin le clár oibre glas uaillmhianach an Aontais a chur chun feidhme. Tá tionscail ardtruaillithe ag roinnt tíortha is iarrthóirí, tá bonneagair uisce agus bainistithe dramhaíola tearcfheidhmíochta ag brath go mór ar ghual le haghaidh táirgeadh leictreachais agus tá ardphróifíl astaíochtaí gás ceaptha teasa agus leibhéil arda truaillithe aeir acu. San am céanna, tá acmhainneacht láidir acu maidir le fuinneamh in-athnuaite (go háirithe grianfhuinneamh agus gaoth) agus truailliú a laghdú trí theicneolaíochtaí laghdaithe nua-aimseartha a thabhairt isteach. Ní mór dlús a chur leis an aistriú glas, go háirithe úsáid fuinnimh in-athnuaite ar talamh agus amach ón gcósta. Beidh gá lena stoc tionsclaíoch agus foirgneamh a athchóiriú chun a n-éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus chun aistriú cóir ó gheilleagar atá bunaithe ar ghual a éascú. Beidh gá le hiarrachtaí suntasacha chun geilleagar ciorclach a bhaint amach agus chun tomhaltas, táirgeadh agus úsáid acmhainní inbhuanaithe a bhaint amach. Chuige sin, beidh gá le hinfheistíochtaí leordhóthanacha, is é sin chun freastal ar thionchair ar réigiúin, earnálacha agus oibrithe ar leith.

Trí thíortha nua a áireamh i gCóras Trádála Astaíochtaí an Aontais, chuirfí uirlis chumhachtach ar fáil chun a ngeilleagair a dhícharbónú agus chun an maoiniú náisiúnta is gá don aistriú a ardú. Ní mór measúnú a dhéanamh faoi na hathbhreithnithe ar thionchar an mhéadaithe ar sholáthar agus éileamh lamháltas araon ar leibhéil praghsanna carbóin.

*Breithnithe le haghaidh athbhreithnithe beartais atá ar na bacáin*

Sa chomhthéacs sin, bheadh gá scrúdú a dhéanamh sna hathbhreithnithe beartais ar an mbealach is fearr chun tacú le tíortha an mhéadaithe chun ailíniú le beartais aeráide agus thionsclaíocha ghlasa an Aontais. Dhéanfaí anailís freisin ar cá mhéad is féidir aghaidh a thabhairt ar na dúshláin nua le beartas aeráide agus beartas tionsclaíoch glas an Aontais, fad a chosnaítear ár n-uaillmhianta agus a áirithítear intuarthacht. Ar deireadh, scrúdófaí sna hathbhreithnithe beartais an mbeadh tacaíocht thiomnaithe airgeadais ag teastáil ó na Ballstáit

nua chun a áirithiú go leanfadh an tAontas de bheith ar an mbóthar ceart chun a ghealltanais aeráide agus a ghealltanais chomhshaoil níos leithne a chomhlíonadh.

Ba cheart go mbainfeadh aistriú glas na dtionscal i dtíortha an mhéadaithe tairbhe as timpeallacht ghnó Eorpach a chuirfidh leis an bhfás agus a bheidh dírithe ar theicneolaíochtaí glana agus ardéifeachtúlacht fuinnimh agus acmhainní a fhorbairt agus a úsáid. Chuige sin, ní mór na dreasachtaí cearta a shocrú agus an meascán leordhóthanach d’infheistíocht ón earnáil phríobháideach agus phoiblí a shlógadh.

Ar deireadh, sna hathbhreithnithe beartais, d’fhéadfaí féachaint ar roinnt príomhchumasóirí amhail an infheistíocht phoiblí agus phríobháideach is gá chun an acmhainneacht fuinnimh in-athnuaite, an nuálaíocht ghlas nó scileanna a fhorbairt.

*Lánpháirtiú de réir a chéile*

Tá roinnt de na dúshláin a bhaineann leis an aeráid agus le fuinneamh a bhaineann leis an méadú á maolú cheana féin leis na hiarrachtaí claochlaithe atá ar bun i dtíortha an mhéadaithe, faoi thionscnaimh éagsúla.

Ina gcáil mar Pháirtithe Conarthacha sa **Chomhphobal Fuinnimh**, ghlac na Balcáin Thiar, an Úcráin, an Mholdóiv agus an tSeoirsia spriocanna ceangailteacha fuinnimh agus aeráide 2030 atá ailínithe le huaillmhian an Aontais, agus tá a bPleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide, atá le teacht i mí an Mheithimh 2024, á n-ullmhú acu, rud a chuirfidh lena lánpháirtiú de réir a chéile i margadh fuinnimh an Aontais.

Tá obair fós ar siúl ar phraghsáil carbóin a fhorbairt, lena n-áirítear an creat faireacháin riachtanach maidir le hastaíochtaí Gás Ceaptha Teasa.

Thairis sin, leis an g**Clár Oibre Glas do na Balcáin Thiar**, a ceapadh chun an réigiún a ailíniú le huaillmhianta an Chomhaontaithe Ghlais, éascaítear athchóirithe agus infheistíochtaí rialála sa réigiún, go háirithe i réimsí an aistrithe fuinnimh, na soghluaisteachta inbhuanaithe, an aeir, an uisce agus na hithreach, an gheilleagair chiorclaigh, chosaint na bithéagsúlachta agus athchóiriú éiceachóras nó táirgeadh inbhuanaithe bia.

Chun tacú leis na hiarrachtaí sin, déanann an tAontas **infheistíochtaí príobháideacha agus poiblí san aistriú glas a shlógadh, a chur chun cinn agus a luathú** trína Phleananna Eacnamaíocha agus Infheistíochta (PEI) do na Balcáin Thiar agus do Chomhpháirtíocht an Oirthir, an tSaoráid don Úcráin, an Plean Nua Fáis do na Balcáin Thiar, an Pacáiste Tacaíochta Fuinnimh do na Balcáin Thiar, nó an Grúpa Ardleibhéil um nascacht fuinnimh i Lár agus Oirdheisceart na hEorpa lena ndírítear, mar shampla, ar fhoinsí fuinnimh in-athnuaite, ar an ‘rabharta athchóirithe’ éifeachtúlachta fuinnimh, ar bhonneagar intíre agus trasteorann, ar aistriú fuinnimh (go háirithe ó ghual) agus ar ailíniú rialála. Chun an éifeachtúlacht is mó is féidir a áirithiú, ba cheart rannpháirtíocht thíortha an mhéadaithe i ngníomhaireachtaí agus i gcláir an Aontais sa réimse sin a threisiú a thuilleadh.

Bhí tacaíocht an Aontais ríthábhachtach freisin maidir le hearnáil fuinnimh na Moldóive agus na hÚcráine a neartú, lena gcuirtear trealamh fuinnimh éigeandála ar fáil, lena n-éascaítear a gcomhtháthú i margadh fuinnimh an Aontais agus in ardán fuinnimh an Aontais. Laghdaigh sé sin spleáchas fuinnimh na Moldóive ar an Rúis. Baineann sampla eile de thacaíocht an Aontais

leis an gcábla leictreachais atá á mheas chun an chuid eile den Eoraip a nascadh leis an tSeoirsia.

***iii) Cáilíocht, sábháilteacht agus slándáil bia a fheabhsú trí earnáil bia iomaíoch inbhuanaithe***

*Buntáistí agus dúshláin*

Ar cheann de na príomhdhúshláin a bhaineann le méadú amach anseo, beidh neartú a dhéanamh ar chumas chomhbheartas talmhaíochta an Aontais tacú le **samhail táirgthe agraibhia atá inbhuanaithe iomaíoch**, agus freastal ag an am céanna ar riachtanais feirmeoirí agus iascairí sna Ballstáit atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo chomh maith le héagsúlacht na samhlacha feirmeoireachta san Aontas níos leithne. Caithfear é sin a bhainistiú ar bhealach ina gcaomhnófar an margadh inmheánach, an Comhbheartas Talmhaíochta (CBT) chomh maith leis an gComhbheartas Iascaigh (CBI), gan suaitheadh míchuí ná mórshuaitheadh a chruthú chun a chuspóirí beartais a bhaint amach.

Tá an Úcráin ar cheann de na táirgeoirí bia domhanda is tábhachtaí, go háirithe ar an margadh gráin. Cuideoidh a chomhtháthú san Aontas le slándáil bia an Aontais agus le seasamh na hEorpa sa trádáil dhomhanda talmhaíochta, ach ní mór aird iomchuí a thabhairt ar mhéid agus ar struchtúr úinéireachta a tháirgthe talmhaíochta.

Tá cuspóirí CBT fós bailí san Aontas níos leithne. Beidh gá le measúnú críochnúil ar na héifeachtaí fadtéarmacha a bheidh ag an méadú ar inmharthanacht agus ar inbhuanaitheacht na mbeartas talmhaíochta in AE 30+, agus aird iomchuí á tabhairt ar mhéid agus ar úinéireacht gabháltas talmhaíochta, ar struchtúr na talmhaíochta i ngach geilleagar, mar aon le héagsúlacht na samhlacha talmhaíochta, agus aird á tabhairt ar na dúshláin fhadtéarmacha shocheacnamaíocha agus chomhshaoil atá os comhair na hearnála. Beidh sé ríthábhachtach cothrom na Féinne a áirithiú d'earnáil na talmhaíochta idir na Ballstáit atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo.

*Breithnithe le haghaidh athbhreithnithe beartais atá ar na bacáin*

Déanfar scrúdú sna hathbhreithnithe beartais ar chumas na dtíortha is iarrthóirí agus na n-iarrthóirí ionchasacha reachtaíocht an Aontais maidir le scéimeanna tacaíochta díreacha d'fheirmeoirí a chur i bhfeidhm agus comheagrú na margaí a chur chun feidhme le haghaidh táirgí éagsúla talmhaíochta agus iascaigh. Ní mór ról na feirmeoireachta agus an iascaigh ar mhaithe le cáilíocht na beatha i gceantair thuaithe agus chósta, an tionchar atá acu ar an gcomhshaol agus a rannchuidiú foriomlán le hinbhuanaitheacht na bpobal áitiúil a chur san áireamh go hiomlán.

Déanfar anailís sna hathbhreithnithe beartais freisin ar conas comhlíonadh iomlán agus cur i bhfeidhm éifeachtach agus comhleanúnach beartas gaolmhar eile a áirithiú, ar beartais iad lena ráthaítear ardchaighdeáin sábháilteachta agus cháilíochta i réimsí amhail sábháilteacht bia, bearta sláintíochta agus fíteashláintíochta, sláinte agus leas ainmhithe, an comhshaol etc.

*Lánpháirtiú de réir a chéile*

Leagtar amach sa phróiseas cobhsaíochta agus comhlachais do na **Balcáin Thiar** spriocanna coiteanna polaitiúla agus eacnamaíocha – lena n-áirítear maidir le hearnáil na talmhaíochta, le tacaíocht ó ionstraimí eacnamaíocha agus airgeadais a bheidh ag gabháil leis an bpróiseas aistrithe. Baineann an réigiún tairbhe freisin as cistiú faoin Ionstraim um Réamhaontachas don Fhorbairt Tuaithe, lena n-áirítear maidir le talmhaíocht inbhuanaithe agus agraighnó tuaithe.

Ar an gcaoi chéanna, le cur chun feidhme na gComhaontuithe Comhlachais **leis an tSeoirsia, leis an Moldóiv agus leis an Úcráin** trí chomhchuibhiú rialála agus trí thacaíocht ghníomhach a thabhairt d'fheirmeoirí agus do ghnólachtaí, tá athchóirithe sábháilteachta talmhaíochta agus bia neartaithe. Tá feidhmiú céimneach idirlín thapa agus inacmhainne i gceantair thuaithe ina chumasóir cumhachtach freisin d'fhorbairt na gceantar tuaithe.

***iv) Na coinníollacha le haghaidh cóineasú sóisialta, eacnamaíoch agus críche a chruthú***

*Buntáistí agus dúshláin*

Tá tairbhí nithiúla ag baint le ballraíocht san Aontas Eacnamaíoch do na saoránaigh agus don gheilleagar, amhail costais idirbheart a ísliú, infheistíocht a spreagadh, trádáil idir-réigiúnach, fás eacnamaíoch agus cearta sóisialta níos láidre. Tugann sé rochtain freisin ar mhargaí airgeadais atá níos mó agus níos éagsúlaithe, rud a laghdaíonn costais mhaoiniúcháin agus a thugann níos mó roghanna do thomhaltóirí agus praghsanna níos ísle.

Thairis sin, cuireann an t-airgeadra aonair san Aontas Airgeadaíochta deireadh le luaineachtaí sna rátaí malairte agus leis na costais idirbheart a bhaineann leo do chuideachtaí agus do shaoránaigh araon. Tríd an Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta a mhéadú chun comhaltaí nua a chur san áireamh, thacófaí freisin le hathléimneacht eacnamaíoch an Aontais ina iomláine trí chruthú slabhraí luacha éagsúlaithe trasteorann a éascú. Chuideodh sé freisin le ról an Aontais agus an Euro sa gheilleagar domhanda a neartú.

Chun lánpháirtiú rathúil in Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta a bhaint amach, tá gá le **cóineasú eacnamaíoch agus sóisialta** agus **comhordú éifeachtach ar cheapadh beartas eacnamaíoch agus sóisialta** idir na Ballstáit chun na deiseanna a ghabhann leis a uasmhéadú agus chun mór-éagothromaíochtaí ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach agus iarmhairtí diúltacha i gcás suaití eacnamaíocha díobhálacha a sheachaint. _Is iad na híoschaighdeáin maidir le cosaint oibrithe a leagtar síos in *acquis* an Aontais agus i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta bunús an chóineasaithe shóisialta sin, mar aon le caidreamh tionsclaíoch fónta. Go háirithe, beidh struchtúir agus institiúidí dea-fheidhmiúla mhargadh an tsaothair, córais cosanta sóisialta éifeachtacha agus idirphlé sóisialta láidir ríthábhachtach chun Aontas comhtháite méadaithe a áirithiú, gan aon duine a fhágáil ar lár agus cothrom na Féinne a áirithiú.

Beidh tionchar suntasach ag an méadú ar **bheartas comhtháthaithe an Aontais**. D'éirigh leis an mbeartas cur le tairbhí an mhargaidh aonair agus iad a mhéadú, éagothromaíochtaí críochacha a laghdú agus cóineasú socheacnamaíoch aníos a spreagadh idir na Ballstáit agus na réigiúin. Tá beartas comhtháthaithe an Aontais fós bailí in Aontas níos leithne, sna Ballstáit atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo. Mar sin féin, cruthóidh cumas teoranta riaracháin na n-údarás cur chun feidhme agus na dtairbhithe i dtíortha is iarrthóirí agus in

iarrthóirí ionchasacha dúshláin maidir le hionsú agus cáilíocht na hinfheistíochta. Beidh sé ríthábhachtach feabhas a chur ar an acmhainneacht sin le cúnamh teicniúil, tréimhsí céimnithe isteach agus bearta eile – amhail oiliúint – chun a áirithiú go rannchuideoidh tacaíocht an Aontais go héifeachtach le cóineasú socheacnamaíoch agus críochach aníos agus go gcosnófar leasanna airgeadais an Aontais. Mar a tharla i gcás méaduithe roimhe seo, tá gá le machnamh cuimsitheach ar thodhchaí an Bheartais Chomhtháthaithe san Aontas.

Ar deireadh, is léir go mbeadh tairbhe ag baint le ***acquis* cánach an Aontais** a leathnú, ós rud é go spreagfadh sé gníomhaíocht trasteorann agus trádáil trasteorann san Aontas do shaoránaigh agus do chuideachtaí, rud a chruthódh **cothroime iomaíochta**. Mar sin féin, an ceanglas formheas d'aontoil atá ann faoi láthair sa Chomhairle maidir le hábhair chánach, beidh sé sin níos dúshlánaí fós in Aontas níos mó, agus dá bharr sin d'fhéadfaí vótáil trí thromlach cáilithe a phlé sa réimse seo. Bheadh an rud céanna fíor i gcás gnéithe áirithe de bheartais eile de chuid an Aontais (e.g. gnéithe den bheartas sóisialta).

*Breithnithe le haghaidh athbhreithnithe beartais atá ar na bacáin*

Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le **rialachas na mbeartas um chóineasú eacnamaíoch agus sóisialta laistigh de ghrúpa níos leithne Ballstát**, ní mór do na hathbhreithnithe beartais machnamh a dhéanamh, *inter alia*, ar conas bearnaí reachtacha agus forfheidhmithe a dhúnadh (e.g. beartas eacnamaíoch agus fioscach, saorghluaiseacht, comhordú na slándála sóisialta, dlí an tsaothair, cosaint tomhaltóirí, sláinte agus sábháilteacht ag an obair). Cé gur gá bunluach na saorghluaiseachta a áirithiú, bheadh gá le bearta breise chun na rioscaí a bhaineann le dumpáil shóisialta nó imirce daoine oilte agus dídhaonrú daoine oilte a mhaolú. I ndáil leis sin, tá rannpháirtíocht luath na gcomhpháirtithe sóisialta ó na Ballstáit a bheidh ann amach anseo ríthábhachtach, lena n-áirítear nuair a bheidh an reachtaíocht atá ann cheana á hoiriúnú, rialacha nua á nglacadh agus á bhforfheidhmiú.

*Lánpháirtiú de réir a chéile*

Laistigh den Aontas, tarlaíonn comhordú an bheartais eacnamaíoch agus shóisialta i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh. Tá moltaí tírshonracha an tSeimeastair Eorpaigh, a mholann an Coimisiún Eorpach agus a ghlacann an Chomhairle, mar bhonn taca freisin leis an tacaíocht airgeadais a chuirtear ar fáil tríd an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) de chuid Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh.

Ó bhí 2015 ann, tá an Seimeastar Eorpach á mhacasamhlú i dtíortha an mhéadaithe: cuireann na tíortha uile is iarrthóirí agus iarrthóirí ionchasacha Cláir Athchóirithe Eacnamaíocha bhliantúla faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh, ag díriú ar athchóirithe chun borradh a chur faoin iomaíochas agus chun feabhas a chur ar na dálaí le haghaidh fás cuimsitheach agus cruthú post. Déanann an Coimisiún Eorpach agus an Banc Ceannais Eorpach measúnú orthu sin agus déanann Comhairle na nAirí iad a phlé le tíortha an mhéadaithe. Amach anseo, d'fhéadfaí ailíniú níos láidre idir an dá phróiseas a bhreithniú.

I gcás na mBalcán Thiar, díreofar sna Cláir Athchóirithe Eacnamaíocha ar an gcreat macraifhioscach agus forlíonfar iad leis na Cláir Oibre Athchóirithe a bhaineann le Saoráid nua Athchóirithe agus Fáis na mBalcán Thiar. Sna Cláir Oibre don Athchóiriú, sainaithneofar

sraith athchóirithe tosaíochta, agus iad miondealaithe de réir céimeanna intomhaiste a bheidh mar choinníollacha íocaíochta.

I gcás na hÚcráine, sa Phlean don Úcráin, arb é an phríomhuirlis é chun an tSaoráid a chur i gcrích, leagtar amach tosaíochtaí an rialtais, seicheamhú na bpríomh-athchóirithe agus na bpríomhréimsí tosaíochta infheistíochta, lena gcruthófar fás eacnamaíoch agus athléimneacht, lena gcothófar a comhtháthú sa Mhargadh Aonair, agus lena n-áiritheofar go ndéanfar an Úcráin a ailíniú de réir a chéile le *acquis* an Aontais.

Ina theannta sin, cuidíonn **cúnamh réamhaontachais** le tíortha is iarrthóirí agus le tíortha is iarrthóirí ionchasacha a sochaithe, a gcórais dlí agus a ngeilleagair a athrú ó bhonn – bíodh sé i bhfoirm deontas, infheistíochtaí bonneagair nó cúnamh teicniúil chun athchóirithe polaitiúla, sóisialta agus eacnamaíocha a éascú. Tugann sé sin na sochaithe níos gaire do luachanna agus do chaighdeáin an Aontais Eorpaigh, rud a chuireann ar a gcumas dóibh rath a bheith orthu san Aontas Eacnamaíoch tar éis an aontachais agus cur le hathléimneacht eacnamaíoch an Aontais ina iomláine. Tá cuid mhór de thíortha an mhéadaithe bainteach cheana féin le cláir ábhartha de chuid an Aontais, amhail an tsraith Fostaíocht agus Nuálaíocht Shóisialta (EaSI) de Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE). Ba cheart rannpháirtíocht thíortha an mhéadaithe i ngníomhaireachtaí an Aontais sa réimse seo a threisiú a thuilleadh, go háirithe an comhar leis an Údarás Eorpach Saothair agus leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair.

Le **comhar críochach**, lena n-áirítear cláir um chomhar trasteorann agus trasnáisiúnta, cuirtear ar a gcumas do thíortha an mhéadaithe oibriú i gcomhar le Ballstáit chomharsanachta an Aontais i bpríomhearnálacha sóisialta agus eacnamaíocha (lena n-áirítear nascacht teorann chomh maith le gníomhaíochtaí duine le duine). I measc na samplaí tá Straitéisí Macrairéigiúnacha an Aontais do réigiúin Aidriadach, Iónach agus Danóibe, an Comhchlár Oibre Muirí don Mhuir Dhubh nó cláir thrasteorann Interreg a cuireadh chun feidhme leis an Úcráin agus leis an Moldóiv, a fuair cistiú breise in 2023.

### *v) Gealltanais láidre slándála, imirce agus bainistiú teorainneacha a chur i gcrích*

*Buntáistí agus dúshláin*

I gcomhthéacs geopholaitiúil atá ag éirí níos dúshlánaí, mhéadódh Aontas níos mó ina bhfuil daonra níos mó **a thionchar i ngnóthaí domhanda agus i suíomhanna iltaobhacha** – dá mbeadh sé in ann gníomhú ar bhealach aontaithe, tapa agus cinntitheach. Éilíonn an aontacht sheachtrach sin agus an cumas gníomhú, ar an gcéad dul síos, fís chomhroinnte bhunúsach agus leibhéal láidir anailíse agus dearcthaí coiteanna i measc na mBallstát. Mar sin féin, d’fhéadfadh sé go dtabharfadh Aontas níos mó, ar a laghad ar dtús, éagsúlacht níos mó i leasanna agus cláir oibre beartais sheachtraigh.

Rannchuideoidh Ballstáit nua le **gealltanais slándála bhreise** agus bainfidh siad tairbhe astu: ní mór do bhaill an Aontais Eorpaigh gníomhú de mheon dlúthpháirtíochta nuair a fhulaingíonn duine acu ionsaí sceimhlitheoireachta, feachtas hibrideach nó tubaiste nádúrtha nó de dhéantús an duine faoi Airteagal 222 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Thairis sin, faoi Airteagal 42(7) CAE, má fhulaingíonn Ballstát amháin ionsaí

armtha, tá oibleagáid ar na Ballstáit eile cuidiú agus cúnamh a thabhairt ar gach meán is féidir leo, i gcomhréir le hAirteagal 51 de Chairt na Náisiún Aontaithe.

Níor cheart go mbeadh **díospóidí déthaobhacha nach bhfuil réitithe** ann i gcás Aontas méadaithe. Leanfaidh an tAontas de bheith ag cur lena réiteach agus leanfaidh sé de bheith ag éileamh dea-chaidreamh comharsanachta mar phríomhghné de phróiseas an mhéadaithe. Ní mór socruithe speisialta agus gealltanais neamh-inchúlghairthe a chur i bhfeidhm chun a áirithiú nach mbeidh tíortha aontacha in ann bac a chur ar aontachas iarrthóirí eile.

Ciallaíonn méadú go ndéantar teorainneacha seachtracha na mBallstát nua de theorainneacha seachtracha an Aontais Eorpaigh. Dá bhrí sin, ní mór bainistiú láidir agus éifeachtach ar theorainneacha seachtracha a bheith mar chuid den phróiseas aontachais freisin. Is féidir le teorainneacha nua an Aontais mhéadaithe buntáistí a thabhairt freisin i bhfoirm sócmhainní agus taithí slándála nua a d'fhéadfadh dul chun tairbhe an Aontais, go háirithe maidir lena ghné slándála agus cosanta atá faoi fhorbairt bhuan agus leanúnach.

Aontas níos mó a bheith ann, beidh **dúshláin nua ann dá bharr maidir le cosaint agus rialú theorainn sheachtrach an Aontais** le haghaidh earraí agus daoine chomh maith. Áirítear orthu sin coireacht eagraithe agus trasteorann, gáinneáil ar dhrugaí, cosc ar imirce neamhrialta agus smuigleáil imirceach, gáinneáil ar dhaoine, ionstraimiú imirceach chun críoch polaitiúil chomh maith le gáinneáil ar airm, nó earraí contúirteacha nó aindleathacha eile.

Is réamhriachtanas í **an tslándáil inmheánach**, agus go háirithe an sceimhlitheoireacht agus an choireacht thromchúiseach eagraithe a chosc agus a chomhrac go héifeachtach chun daonlathas feidhmiúil agus saorfheidhmiú ceart bunúsach a bhaint amach. Áirítear leis sin bearta chun an chibearchoireacht, sciúradh airgid, gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac. Chomh maith leis sin, is minic a bhíonn nasc idir an choireacht thromchúiseach agus an choireacht eagraithe agus an t-éilliú agus an bonn a bhaint d'institiúidí stáit. Is réamhriachtanas tábhachtach é gníomhaíocht chomhpháirteach fheabhsaithe chun slándáil inmheánach a bhaint amach chun aontachas rathúil a bhaint amach agus, san am céanna, treiseoidh sí slándáil inmheánach an Aontais ina iomláine.

Ina theannta sin, le haontachas iomlán le **limistéar Schengen gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha** tá gá le cur chun feidhme iomlán *acquis* Schengen chomh maith lena bhearta tionlacain maidir le beartais slándála chomhsheasmhacha agus éifeachtacha agus bainistiú imirce agus teorainneacha. Beidh gá le machnamh ar bhealaí praiticiúla chun an chomhsheasmhacht sin a áirithiú in Aontas méadaithe.

Maidir leis an **imirce**, beidh sé de bhuntáiste ag Aontas níos mó go mbeidh sé in ann cur chuige an bhealaigh iomláin a úsáid ar bhealach níos fearr maidir le bainistiú **imirce** chomh maith le rannchuidiú níos fearr le comhroinnt freagrachta dhomhanda as an imirce agus as an gcosaint. Is comhpháirtithe tábhachtacha cheana féin iad na Balcáin Thiar, réigiún idirthurais chuig an Aontas faoi láthair, sna hiarrachtaí comhpháirteacha chun bainistiú éifeachtach imirce a áirithiú agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin go comhpháirteach amhail smuigleáil imirceach agus imirce neamhrialta. Tá sé ríthábhachtach leanúint de chórais imirce agus tearmainn an réigiúin a neartú ar aon dul leis an gcur chuige cuimsitheach a chumhdaítear sa Chomhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann, go háirithe le tacaíocht ó ghníomhaireachtaí

an Aontais, agus a áirithiú go ndéanfar beartais víosaí a ailíniú le beartais an Aontais ar mhaithe le bainistiú éifeachtach imirce.

*Breithnithe le haghaidh athbhreithnithe beartais atá ar na bacáin*

Mar ghníomhaí domhanda, ní mór d'Aontas níos mó a bheith oscailte, athléimneach agus rathúil ó thaobh an gheilleagair de – agus mar chomhpháirtí iontaofa ar domhan. Aontas atá fíor-geopholaitiúil, ní mór dó a bheith in ann a luachanna a chosaint agus a neamhspleáchas agus a chobhsaíocht straitéiseach oscailte a chaomhnú agus a leasanna a fhorfheidhmiú ar scála domhanda san am céanna.

Chuige sin, tá aontacht an Aontais agus cinnteoireacht ghasta ríthábhachtach. Sna hathbhreithnithe beartais, ba cheart féachaint ar chreidiúnacht an Aontais agus ar a chumas gníomhú go seachtrach, rud atá ag brath go criticiúil ar **chinnteoireacht éifeachtúil**. Faoi láthair, tá réimsí éagsúla de ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais faoi réir sásraí cinnteoireachta éagsúla, rud a chruthaíonn dúshláin i réimsí na gníomhaíochta seachtraí arna rialú d'aontoil sa Chomhairle, go háirithe an Comhbheartas Eachtrach agus Slándála. In Aontas ina mbeidh 30+ Ballstát, tá an baol ann go mbeidh sé rómhall, ró-fhrithghníomhach agus róchosantach, rud a d'fhágfadh go mbeadh iomaitheoirí straitéiseacha in ann na deighiltí idir na Ballstáit a ghéarú.

Tharraing an Coimisiún agus an tArdionadaí aird arís agus arís eile ar an tsaincheist sin agus mhol siad leas a bhaint as **forálacha reatha an Chonartha ar an Aontas Eorpach chun dul i dtreo vótáil trí thromlach cáilithe** i roinnt príomhréimsí den Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála, trí na 'clásail *passerelle*', mar a thugtar orthu, a ghníomhachtú. Idir an dá linn, chuir an Coimisiún i bhfios go láidir gur gá do na Ballstáit dul i muinín 'staonadh tógálach' faoi Airteagal 31(1) CAE aon uair a chuirfeadh a seasamh ar leith ar ábhar ar leith bac ar aontoilíocht sa Chomhairle murach sin. Ní mór leas iomlán a bhaint as acmhainneacht na bhféidearthachtaí sin go léir, i bhfad roimh an gcéad mhéadú eile agus gan beann ar an gcéad mhéadú eile.

*Lánpháirtiú de réir a chéile*

**Beidh gá le hobair leanúnach chun tuilleadh cóineasaithe a bhaint amach maidir le fís gheostraitéiseach, leasanna agus tosaíochtaí an Aontais.** Ní mór do thíortha an mhéadaithe luachanna an Aontais a ghlacadh chucu féin agus a chur chun cinn go daingean agus go soiléir, roimh a n-aontachas. Ní mór dóibh anois ailíniú a dhéanamh de réir a chéile le Comhbheartas Eachtrach agus Slándála (CBES) an Aontais roimh an aontachas, lena n-áirítear bearta sriantacha. Cé go bhfuil ailíniú iomlán á choinneáil i gcónaí ag roinnt tíortha is iarrthóirí agus iarrthóirí ionchasacha cheana féin, ní mór feidhmíocht na dtíortha eile a fheabhsú, mar ábhar tosaíochta, lena n-áirítear maidir le smachtbhannaí, go háirithe i leith na Rúise agus na Bealarúise. Is comhartha ríthábhachtach **é ailíniú le CBES** ar luachanna comhroinnte agus ar threoshuíomh straitéiseach sa chomhthéacs geopholaitiúil nua.

Ag tógáil ar rannpháirtíocht leanúnach CBSC, ar thionscadail agus cláir atá ann cheana, ba cheart fothú acmhainneachta i réimsí amhail bagairtí hibrideacha, lena n-áirítear ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis (FIMI), agus ar an gcibearshlándáil, a fhorbairt a thuilleadh, mar thairiscint chuimsitheach atá oscailte do chách chomh maith le tacaíocht

shaincheaptha do riachtanais agus d'iarrataí sonracha, mar mhodh chun athléimneacht agus slándáil chomhchoiteann an Aontais i gcoinne bagairtí seachtracha den sórt sin a neartú. Ina theannta sin, ba cheart do thíortha an mhéadaithe **lánpháirtiú luath a lorg i dtionscnaimh slándála agus cosanta eile** de chuid an Aontais, amhail tionscadail shonracha faoin mBuanchomhar Struchtúrtha Cosanta (PESCO) agus sa Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint, agus i gcláir atá ábhartha maidir leis an tsoghluaisteacht mhíleata. Agus Creat-Chomhaontuithe Rannpháirtíochta i bhfeidhm leis na tíortha is iarrthóirí agus na tíortha is iarrthóirí ionchasacha uile, tá siad ag rannchuidiú cheana féin le misin agus oibríochtaí bainistithe géarchéime an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta (CBSC) – agus cuid acu ag baint tairbhe as misin agus oibríochtaí CBSC den sórt sin iad féin. Mar thoradh ar an gcúnamh a fhéadfaidh tíortha an mhéadaithe a fháil faoin tSaoráid Eorpach Síochána, neartófar a n-acmhainneachtaí míleata agus cosanta chun páirt a ghlacadh i misin agus in oibríochtaí CBSC.

Cuideoidh rannpháirtíocht thíortha an mhéadaithe sna Suirbhéanna ar Rioscaí Hibrideacha le creat iomchuí a fhorbairt chun tacaíocht a sholáthar chun go mbeidh siad níos athléimní i leith bagairtí hibrideacha, rud a chuirfidh ar a gcumas dóibh a roghanna daonlathacha féin a dhéanamh saor ó chur isteach mailíseach.

Ina theannta sin, faoin tráth a tharlóidh an chéad mhéadú eile, **beidh forbairt shuntasach tagtha ar ghné chosanta an Aontais**. Ós rud é go bhfuil i bhfad níos mó i gceist le Compás Straitéiseach an Aontais maidir le Slándáil agus Cosaint ná CBSC traidisiúnta, beidh ar thíortha an mhéadaithe a bheith réidh lena chur chun feidhme ar fud a réimsí éagsúla oibre (gníomhú, infheistíocht, slándáil, comhpháirtíocht), lena n-áirítear le hAcmhainneacht mhear-imscartha an Aontais. I gcás ina gcinnfidís páirt a ghlacadh sa Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint, bheadh siad réidh, *inter alia*, a gclárúchán cosanta náisiúnta a ailíniú le Tosaíochtaí Forbartha Cumas Cosanta an Aontais agus leis an Athbhreithniú Comhordaithe Bliantúil ar Chosaint. D'fhéadfaidís a chinneadh freisin páirt a ghlacadh in PESCO mar Bhallstáit rannpháirteacha.

Go comhthreomhar, sa timpeallacht gheopholaitiúil atá ann faoi láthair ina bhfuil conspóidí, **beidh iarrachtaí leanúnacha chun athléimneacht thionscal an spáis agus Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch Cosanta an Aontais a neartú, i gcomhréir leis an Straitéis Eorpach maidir le Tionsclaíocht i réimse na Cosanta, ina bpríomhthosaíocht i gcónaí**. I gcás sonrach na hÚcráine, foráiltear leis an togra le haghaidh Clár Eorpach don Tionscal Cosanta go gcaithfear leis an Úcráin a mhéid is féidir mar Bhallstát. Amach anseo, d'fhéadfaí machnamh a dhéanamh ar conas rannpháirtíocht thíortha an mhéadaithe i gcláir eile de chuid an Aontais a bhaineann leis an tionscal cosanta a leathnú agus ar na coinníollacha faoina bhféadfaí sin a dhéanamh. Chuideodh sé sin le dúbailt agus costais neamhriachtanacha a sheachaint agus idir-inoibritheacht níos fearr á cur chun cinn san am céanna.

I réimse an **bhainistithe teorainneacha** comhtháite, ní mór díriú san obair ní hamháin ar chomhlíonadh agus ar chur chun feidhme na reachtaíochta ach freisin ar acmhainneachtaí oibríochtúla a fhorbairt chun earraí agus daoine a rialú ag na teorainneacha seachtracha. Chuige sin, beidh gá le tacaíocht ón Aontas do phóilíní agus do ghardaí teorann, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht láidir ghníomhaireachtaí an Aontais i ndlúthchomhar le Ballstáit an Aontais. Cheana féin, tá comhar láidir ann idir tíortha an mhéadaithe agus údaráis chustaim agus

teorann na mBallstát chomh maith le gníomhaireachtaí ceartais agus gnóthaí baile an Aontais — Eurojust, Frontex, Europol, an Ghníomhaireacht Eorpach Tearmainn — a mbíonn comhaontuithe foirmiúla mar bhonn taca leo go minic. Tá torthaí á mbaint amach i gcleachtas níos minice anois ná riamh. Beidh sé ríthábhachtach nósanna imeachta teorann agus custaim a nuachóiriú agus a dhigitiú. Ba cheart do thíortha uile an mhéadaithe leanúint dá gcuid oibre chun iad féin a ailíniú le beartas víosaí an Aontais.

Beidh gá freisin le tacaíocht d'údaráis bhreithiúnacha a áireamh i ngníomhaíocht an Aontais chun an comhar idirnáisiúnta a neartú maidir le coireacht eagraithe a imscrúdú agus a ionchúiseamh, ar cuid shuntasach di iad smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine, ar airm agus ar dhrugaí. Ba cheart leanúint den chomhar trí rannpháirtíocht san Ardán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla chun dul i ngleic leis na bagairtí coiriúla is práinní agus chun líonraí coiriúla ardriosca a bhriseadh. Ní mór do thíortha an mhéadaithe a bheith tiomanta i gcónaí don t**slándáil inmheánach** a neartú trína gcomhar oibríochtúil i bhforfheidhmiú an dlí le Ballstáit agus le gníomhaireachtaí an Aontais a fheabhsú.

## *C. BUISÉAD*

Beidh tionchar beacht airgeadais an mhéadaithe ag brath go príomha ar uainiú agus ar raon feidhme an mhéadaithe, ar thoradh na caibidlíochta aontachais atá fós bunaithe ar fhiúntas, agus ar *acquis* infheidhme an Aontais tráth an aontachais. In aon chás, **ba cheart an méadú a chur san áireamh sa mhachnamh as a dtagann an chéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) eile**, lena n-áirítear tríd an mbunús dlí is gá a sholáthar cheana féin chun caiteachas agus ioncaim a bhaineann le méadú an Aontais a ionchorprú de réir mar is gá.

**Ní hé an méadú an t-aon ábhar amháin a chuirfidh brú ar bhuiséad fadtéarmach an Aontais amach anseo, áfach.** Is príomhghnéithe atá le cur san áireamh iad luaineacht dhomhanda, bagairtí móra slándála, tionchar airgeadais an téarnaimh iar-COVID agus an gá atá le conairí buiséadacha náisiúnta a shrianadh. Riachtanais shonracha Aontais níos mó, tá siad sa bhreis ar an ngá dosheachanta atá le buiséad nuachóirithe, níos simplí agus níos solúbtha de chuid an Aontais lena bhfreastalófar go leormhaith ar na dúshláin sin agus ar réimsí tábhachtacha a éilíonn comhinfheistíocht, gníomhaíocht chomhordaithe agus athchóirithe comhpháirteacha, amhail an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, taighde agus nuálaíocht nó slándáil agus cosaint. Tá buiséad an Aontais, mar atá sé faoi láthair, sínte ó thaobh struchtúir de cheana féin go dtí a theorainneacha.

Dá bhrí sin, is deis é an méadú — ach ní an spreagadh é — athbhreithniú a dhéanamh ar inbhuanaitheacht airgeadais agus nuachóiriú gach príomhréimse beartais/caiteachais (talmhaíocht agus forbairt tuaithe, comhtháthú, nascacht, imirce agus bainistiú teorainneacha, etc.). D'fhéadfadh sé gur ghá beartais agus cláir an Aontais a athdhearadh don chéad CAI eile, beag beann ar chomhthéacs an mhéadaithe. Ba cheart go gcumhdófaí leis an athbhreithniú sin freisin ionstraimí sonracha caiteachais de chuid an Aontais atá lasmuigh de CAI agus de bhuiséad an Aontais faoi láthair.

Mar sin féin, **ba cheart cláir chaiteachais an Aontais amach anseo a fhorbairt agus aird á tabhairt ar mhéadú amach anseo**.

I gcás ullmhacht an Aontais, tá gá freisin le hathchóiriú a dhéanamh ar a chóras acmhainní dílse, arb é an bealach is inchreidte é chun aghaidh a thabhairt ar thionchar airgeadais na n-iarrachtaí téarnaimh agus ar chur chun feidhme thosaíochtaí an Aontais (go háirithe aisíocaíochtaí iasachtaíocht Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh agus maoiniú an Chiste Aeráide Shóisialta) agus tionchair ar bhuiséid náisiúnta a mhaolú san am céanna. Ní mór breithniú a dhéanamh freisin ar ranníocaíochtaí breise ó Bhallstáit nua, cé gur ranníocaíochtaí beaga iad ag an tús. Ina theannta sin, ba cheart go mbeadh ranníocaíochtaí airgeadais ó thríú tíortha a bhfuil rochtain acu ar an Margadh Aonair agus atá rannpháirteach ann (Stáit LEE-CSTE, an Eilvéis) i gcomhréir leis na tairbhí a bhainfeadh siad as Aontas níos mó.

**Lasmuigh de bhuiséad an Aontais, bainfidh tíortha an mhéadaithe tairbhe freisin as raon níos leithne deiseanna cistiúcháin**. Beidh na Ballstáit a bheidh ann amach anseo in ann leas a bhaint as saineolas agus cumas airgeadais feabhsaithe an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta agus an Chiste Eorpaigh Infheistíochta, agus as comhpháirtithe maoiniúcháin eile de chuid an Aontais mar Fhoireann na hEorpa.

Chun éifeachtaí buiséadacha áirithe an mhéadaithe a sheasamh ar bhealach níos rianúla, tá bosca uirlisí airgeadais seanbhunaithe agus tástáilte ag an Aontas le haghaidh aontachais. Tugtar le chéile ann teorainneacha, tréimhsí céimnithe isteach, breithniú cuí ar éifeachtaí staidrimh, níos mó dul i muinín innealtóireachta airgeadais, chomh maith le coscáin éigeandála agus líontáin sábhála do na Ballstáit reatha.

Go comhthreomhar, beidh gá freisin le **breathnú ar conas is féidir uirlisí réamhaontachais, amhail an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais, a mhionchoigeartú chun ullmhú níos fearr d'aontachas** agus don aistriú i dtreo páirt a ghlacadh i gcláir agus in ionstraimí an Aontais tar éis an aontachais. D'fhéadfadh roinnt nuálaíochtaí a tugadh isteach cheana faoi CAI 2021-2027[1] uirlisí réamhaontachais amach anseo a spreagadh. I gcás na hÚcráine, ní mór an tacaíocht idirnáisiúnta don téarnamh agus don atógáil a mheas go sonrach sa chomhthéacs sin.

## *D. RIALACHAS*

Ó bhí 2022 ann, go háirithe tar éis na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa, rinneadh machnamh ar **athchóirithe institiúideacha an Aontais** i bParlaimint na hEorpa, sa Chomhairle, sna Ballstáit, sna meithleacha machnaimh agus sa saol acadúil. Agus an fhéidearthacht ann go méadófar an díospóireacht sin, tá práinn nua ag baint leis an díospóireacht sin.

Go dtí seo, níor thángthas ar aon chomhdhearcadh maidir leis an mbealach is fearr chun dul i ngleic leis an tsaincheist sin. Cé go n-iarrann roinnt acu go ndéanfaí athchóiriú ar Chonarthaí an Aontais atá ann faoi láthair, go háirithe Parlaimint na hEorpa, molann cuid eile acu oiriúnuithe sonracha trí na féidearthachtaí nár baineadh leas astu agus a chumhdaítear sna

[1] e.g. díriú níos fearr ar fheidhmíocht, lena n-áirítear tacaíocht airgeadais chun athchóirithe a chur i gcrích, coinníollacht beartais etc.

Conarthaí a ghníomhachtú. Ar deireadh, áitíonn cuid acu gur ceapadh na Conarthaí chun a bheith ina 'gcruthúnas méadaithe'.

Cé go bhfuil sé curtha in iúl ag an gCoimisiún go dtacaíonn sé le hathrú ar na Conarthaí, '*má tá gá leis agus san áit a bhfuil gá leis*', creideann sé gur féidir rialachas an Aontais a fheabhsú go pras trí **leas iomlán a bhaint as acmhainneacht na gConarthaí reatha**.

Tá ceisteanna ann cheana féin maidir le cumas an Aontais gníomhú in Aontas ina bhfuil 27 mBallstát. Baineann sé sin go háirithe le **rialacha vótála aontoilíochta sa Chomhairle**. Cé go ndéantar formhór na gcinntí trí thromlach cáilithe sa Chomhairle anois, i réimsí áirithe, ní mór cinntí a dhéanamh d'aon toil sa Chomhairle, mar a dhéantar i gcás cánach, beartais eachtraigh agus cúrsaí sóisialta áirithe. In Aontas níos mó, beidh sé níos deacra fós teacht ar aontoilíocht, agus beidh rioscaí méadaithe ann go gcuirfidh Ballstát aonair bac ar chinntí.

Déantar foráil sna Conarthaí cheana maidir le **'clásail *passerelle*'[2] lena gceadaítear aistriú ó vótáil aontoilíochta go vótáil trí thromlach cáilithe** laistigh den Chomhairle i bpríomhréimsí. Tá gá le cinneadh d'aon toil ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh nó ón gComhairle Eorpach chun na clásail sin a ghníomhachtú. In 2018 agus 2019, rinne an Coimisiún tograí nithiúla chuige sin i réimsí an bheartais eachtraigh, an bheartais cánach, an bheartais shóisialta, an fhuinnimh agus an bheartais aeráide, ach níor tugadh ar aghaidh iad sin. Ó shin i leith, cuireadh síos réitigh éagsúla, amhail coscáin éigeandála nua nó síneadh a chur le staonadh inchiallaithe.

Tá roinnt Ballstát i gcoinne bogadh ó vótáil aontoilíochta go vótáil trí thromlach cáilithe toisc go bhfuil eagla orthu a bheith scoite amach ó ábhair a bhfuil leas bunúsach straitéiseach náisiúnta ag baint leo. Creideann an Coimisiún gur féidir imeacht ón aontoilíocht gan leasanna straitéiseacha na mBallstát a chur i mbaol. Is féidir é sin a dhéanamh trí **ghníomhachtú 'clásail *passerelle*' na gConarthaí a chomhcheangal le coimircí iomchuí agus comhréireacha chun freastal ar leasanna náisiúnta straitéiseacha den sórt sin**. Go praiticiúil, chiallódh sé sin go bhféadfadh conclúidí ón gComhairle Eorpach a bheith ag gabháil leis an gcinneadh ón gComhairle nó ón gComhairle Eorpach lena ngníomhachtaítear an *passerelle* lena bhforáiltear go bhféadfadh Ballstát amháin nó roinnt Ballstát forais leasa náisiúnta eisceachtúla a agairt chun leanúint den phlé chun teacht ar réiteach sásúil, nó chun an Chomhairle Eorpach a úsáid chun plé a dhéanamh ar an ábhar.

Chomh maith le modhanna vótála, cuireann na Conarthaí ar chumas na mBallstát **lánpháirtiú ar luasanna éagsúla**. I measc na samplaí tá comhar feabhsaithe, a d'fhéadfadh a bheith ann go háirithe i réimsí inniúlachta comhroinnte – amhail i gcás Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh – rogha a bheith páirteach nó gan a bheith páirteach i gcás ina bhforáiltear dó sin i gConarthaí an Aontais nó Ballstáit nua a áireamh sa Bhuanchomhar Struchtúrtha. Féadfaidh '**difreáil**' den sórt sin a bheith mar chuid den chothromóid laistigh d'Aontas níos mó ag 30+

[2] Déantar foráil sna Conarthaí maidir le dhá 'chlásal *passerelle*' ginearálta faoi Airteagal 48(7) CAE agus sé chlásal *passerelle* shonracha arb é is aidhm dóibh an chinnteoireacht a mhodhnú sna réimsí seo a leanas: CBES (Airteagal 31(3) CAE); dlí teaghlaigh a bhfuil impleachtaí trasteorann aige (Airteagal 81(3) CFAE); beartas sóisialta (Airteagal 153(2) CFAE); beartas comhshaoil (Airteagal 192(2) CFAE); CAI (Airteagal 312(2) CFAE) agus comhar feabhsaithe (Airteagal 333 CFAE).

Ballstát, agus úsáid á baint as an raon uirlisí agus sásraí atá ar fáil faoi chreat dlíthiúil reatha an Aontais. Ní fheidhmíonn na roghanna solúbthachta sin ach amháin fad a bheidh na croíbheartais, chomh maith le bunphrionsabail agus bunluachanna uile an Aontais Eorpaigh, roinnte agus á n-urramú ag na Ballstáit uile.

I gcomhréir leis an iarraidh ón gComhairle Eorpach go gcuirfí dlús leis an bpróiseas aontachais, d'fhéadfaí breathnú ar phróiseas an mhéadaithe féin. D'fhéadfaí féachaint an bhféadfaí cumhacht a thabhairt don Chomhairle cinneadh a dhéanamh trí thromlach cáilithe le haghaidh **céimeanna eatramhacha áirithe de phróiseas an mhéadaithe**. Ba cheart leanúint de dhúnadh na gcaibidlí caibidlíochta a ghlacadh d'aon toil ag na Ballstáit uile, mar aon leis an gcinneadh críochnaitheach maidir le haontachas iarbhír Ballstáit nua leis an Aontas Eorpach.

Ar deireadh, spreagann Aontas méadaithe ina bhfuil 30+ Ballstát ceisteanna láithreacha maidir le **comhdhéanamh institiúidí an Aontais**. I gcás an Choimisiúin Eorpaigh, ceadaítear cheana leis na Conarthaí feidhmeannas níos lú a roghnú (a chomhfhreagraíonn do dhá thrian de líon na mBallstát) nó an córas reatha comhalta amháin in aghaidh an Bhallstáit a choinneáil, mar atá roghnaithe ag an gComhairle Eorpach go dtí seo.

Beidh **níos mó oibre d'institiúidí an Aontais i roinnt mhaith réimsí i gceist le hAontas méadaithe** freisin, idir cheapadh beartais agus anailís agus chur chun feidhme, forfheidhmiú, bainistíocht fhónta airgeadais agus riarachán, chomh maith leis na cúraimí nua éagsúla a ghlac an tAontas air féin le blianta beaga anuas. Beidh an tionchar céanna ag gníomhaireachtaí agus comhlachtaí an Aontais (e.g. Europol, Frontex, Eurojust, Údaráis Mhaoirseachta Eorpacha) nó líonraí (e.g. an Gréasán Eorpach Iomaíochta, Gníomhaireachtaí Náisiúnta Erasmus+). Ní mór an t-ualach oibre forfheidhmiúcháin atá ar na bacáin a chur san áireamh, ós rud é go bhfuil sé ríthábhachtach sláine agus feidhmiú an Aontais Eorpaigh a chaomhnú.

## 3. Conclúid

Léirítear sa Teachtaireacht seo go bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint le hAontas níos mó, ós rud é go bhfuil acmhainneacht shuntasach pholaitiúil agus eacnamaíoch aige, go seachtrach agus go hinmheánach araon. An leas is fearr is féidir a bhaint as na deiseanna sin, beidh sé sin ag brath ar ár gcumas réimsí a shainaithint, a shainiú agus a réamh-mheas, ar réimsí iad a d'fhéadfaí a fheabhsú, agus straitéis shoiléir a leagan amach maidir le conas dul chun cinn a dhéanamh ar chonairí comhthreomhara an mhéadaithe agus athchóirithe an Aontais. Cuireann sé leis an bplé sna hinstitiúidí Eorpacha agus sna Ballstáit maidir le méadú.

Leis an Teachtaireacht seo, cuirtear tús leis an obair ar na grinn-athbhreithnithe beartais, a d'fhógair an tUachtarán von der Leyen ina haitheasc ar Staid an Aontais in 2023. Déanfaidh an Coimisiún na hathbhreithnithe sin go luath in 2025. D'fhéadfadh na hathbhreithnithe a bheith i bhfoirmeacha éagsúla ag brath ar na hearnálacha agus ba cheart go mbainfeadh siad tairbhe as ionchur ó pháirtithe leasmhara maidir le tionchair shonracha a bheadh ag Aontas níos mó ar bheartais aonair. Ag tógáil ar thoradh na n-athbhreithnithe, d'fhéadfadh tograí athchóirithe substainteacha in earnálacha aonair, lena n-áirítear an togra ón gCoimisiún don chéad chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) eile a ullmhú, a bheith ina dara céim sa phróiseas sin.